# Comhlachtaí – Antaine Delap

Rangú: Príomhóideach
Poiblí – scair-chaipitil de €38,092

Formhór na gComhlactaí is Comhlachtaí príomhoideacha iad
3 Chinnéal

a) **Teoranta de réir scair-chaipitil** – baill freagrach as an mhéid nach bhfuil íochta ar a scaireanna

<u>Buntáiste</u> – fanann an chumhacht sealbhaithe in úinéirí an tógra nó an choincheap
<u>Riachtanas</u>: beirt bhall (íosmhéid) beirt stúrthóir (íosmhéid)
Iasacht a fháil bíonn ar na stiúrthóirí go minic níos mó scaireanna a ghlacadh sa chomhlacht.
Thig díbhinn a dháileadh as brabaigh an chomhlachta.

**b) Teoranta de réir Ráthaíocht (Guarantee)**
- bail freagrach as suim airgid ar a dugann siad barrántas i gcás teip an Chomhlachta m.sh. €1.00
<u>Buntáiste v Mí-bhuntáiste</u> – baill uilig ar chomhchéim ó thaobh vótála

Tá'n leagann amach seo coitianta i gcás tógraí pobail.
Thig iarratas a dhéanamh ar statas cathranachta l'aonad na gCathranais in Aonach Urmhumhan Co. Thiobrad Árainn ar chomhlacht le cuspóirí:

1) Culturtha
2) Oideachasúla
3) Fuascailt na mBocht
4) Leas phobail

Buntaistí le stadas cathranachta

a) Díolóna (exemption) ó C.B.L.
b) Díolóna (exemption) ó rátaí Tráchtála

Caithfidh Comhlacht mar sin a cuid sochmhainn a dháileadh ar eagraíocht có-chinnealach seachas ar a gcuid baill féin i gcás teip an chomhlachta i.e. (teori cy press)

Ní thig le ball brabach a dhéanamh as a bhallraíocht ach thig conradh fostaíochta a thabhairt de bhall.

c) **Comhlachtaí gan Teorainn** – níl siad coitianta ar an mbonn go dtiocfadh le lucht creidmheasa dul sa tóir ar shochmhainn phearsanta na mball.

<u>Comhlacht a chlárú</u>
2 cháipéis

a) Meamrán Comhlachais – príomh chuspóirí agus cuspóirí breise ar mhaithe leis na príomh-chuspóirí m.sh. cead iasacht a ghlacadh agus talamh a cheannacht – scair chaipitil an chomhlachta

created using
BCL easyPDF
Printer Driver
Click here to purchase a license to remove this image

b) Airteagail Chomhlachais – sporadh inmheanach an chomhlachta – lín stúirthóirí $_7$rl

- Sonraí faoin stiúrthoirí – ainm, dáta breithe stiúrthoireachtaí eile
- Cáipeis mionnaithe go bhfuil an teolas uilig faoi chomhlacht cruinn
- Tuairisc ar scair-chaipitil an chomhlachta
- Litit ón Aire Fionntar & Fostaíochta go bhfuil ainm an chomhlachta ceadaithe
- Dleacht stampa €100.00

Gá de gach Comhlacht

a) Oifig chláraithe a bheith aici agus
b) Rúnaí a bheith aici

Cruinniú Cinn Bhliana – 18 mí ón dáta bunaithe agus gach 15 mí ina dhiaidh sin.

Gnó an C.C.B.

i) Díbhinní a shocrú
ii) Cuntas agus clár – co-ordanaithe a scrúdú
iii) Tuairisc óna stiúrthóirí a phlé
iv) Stiúrthóirí a cheapadh
v) Inniúchóirí a cheapadh

Cúram Stiúrthóirí
- i mbun stiúradh a dhéanamh ar chomhlacht
- dualgas orthu feidhmiú

a) de réir scil agus curam cuí
b) mar chomhnóirí – iontaobhaithe ar son na baill
c) de réir na dualgais atá leagtha orthu in Acht na gCuideachtaí agus sna hAirteagail Comhlachais

Freagrachtaí

a) Is féidir fíneáil €1270 + 12 mí príosún (nó €63,487 agus 7 mbliana) a ghearradh ar stiúrthóir ag gan tuairiscean bhliantúil a bheith Comhdaithe in am + dí-cháillíocht ó bheith ina stiúrthóir ar feadh tréimhse ama
b) Mír 137 /138 Acht na gCuideachtaí. Leasaithe 1996 – freagracht ar stiúrthóir i gcás Trádáil Phaillíoch (reckless Tracking)
c) Dualgas ar stiúrthóir leas dílsithe atá acu in ábhar ar bith a thuairisciú don chomhlacht. Thig stiúrthóir a bhriseadh trí gnáth rún ach gan dochar de chearta ar bith atá aige i leith damáistí.

Rúin: Rún Speisialta – cruinniú urghnáthacht le 21 lá d'fhógra agus is gá go nglacfadh ¾ ú dá bhfuil i láthair leis an rún – m.sh athrú ar an mheamrán agus ar na hairteagail.

Gnáth-rún – Aon ghnó eile – fógra 14 lá de dhith agus ní gá ach go nglacfadh ach móraibh simplí leis an rún.

created using
BCL easyPDF
Printer Driver
Click here to purchase a license to remove this image

Deireadh ré an chomhlachta

1. Leachtaitheoir – An chomhlacht a scor agus lucht creidmheasa a íoc – thig le creidmheasóirí nó an chúirt é a ainmniú.
2. Glacadóir – Ainmnithe ag an chúirt – déanann sé sochraithe le fiacha a shásamh agus in amanna molann sé scor an chomhlachta. Cuirtear cumhacht na stiúrthóir ar fionraí le linn glacadóireacht.
3. Scrúdaithe – Acht leasaithe na gCuideachtaí 1990 – ainmnithe ag an chúirt – Cuireann sé tuairiscí ar fáil don chúirt. Scrúdaíonn sé an chomhlacht le cinneadh a dhéanamh ar cé acu ar féidir leis an chomhlacht leannúin nó nach féidir.

created using
BCL easyPDF
Printer Driver
Click here to purchase a license to remove this image